

An Bord Taighde Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Feabhsú a dhéanamh ar an tsláinte trí thaighde agus eolas



An Bord Taighde Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Arna fhoilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2008

ISSN: 0791 220X

Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ó:

An Bord Taighde Sláinte

73 Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Éire

t + 353 1 234 5000

f + 353 1 661 2335

e hrb@hrb.ie

w www.hrb.ie

Clár na nÁbhar

| | |
|---|----|
| Comhaltaí Boird in 2008 | 4 |
| Cathaoirleach agus POF: forbhreathnú agus ionchas | 5 |
| Maoiniú feabhas taighde | 7 |
| Cruthú eolais le haghaidh polasaí | 9 |
| Taighde Sláinte: tionchar a imirt | 12 |
| Aguisín A Scéimeanna Dámhachtainí 2008 | 19 |
| Aguisín B Liosta na bhfoilseachán | 21 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 25 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil | 26 |
| Clár Comhardaithe | 27 |

Comhaltaí Boird in 2008



An Dr. Reg Shaw
(Cathaoirleach)
Perrysbridge Consultants Ltd



An Dr. Conor M. Burke
Lia Comhairleach Riospráide
Ospidéal Shéamais Uí Chonghaile
agus Ospidéal Mater



An tOllamh Catherine Godson
Ollamh le Leigheas Móilíneach
Stiúrthóir – Ionad Taighde
Diaibéitis UCD
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha
Cliath



An tUasal Michael Griffith
Comhrac na Daille



An Dr. Tony Holohan
Príomhoifigeach Leighis
An Roinn Sláinte agus Leanaí



An tUasal Brian Kearney
Comhbhunaitheoir
Grúpa Bainistíochta Tionscadail



An tOllamh Michael J. Kerin
Ollamh Máinliachta
Ospidéal Choláiste na hOllscoile,
Gaillimh



An Dr. Ena Prosser
Comhpháirtí
Fountain Healthcare Partners



An tOllamh Frances Ruane
Stiúrthóir
An Institiúid Taighde
Eacnamaíochta agus Sóisialta



An tUasal Brian Sweeney
Cathaoirleach
Siemens Éireann



Cathaoirleach agus POF: forbhreathnú agus ionchas

De réir mar a chuaigh 2008 tharainn, bhí sé soiléir nach raibh staid eacnamaíoch na hÉireann chomh maith is a bhí sé sna blianta roimhe sin agus go mbeadh ar an Rialtas roinnt cinnteoireachta deacra a dhéanamh faoi leithdháileadh na n-acmhainní. Ba ghá don HRB uasmhéadú a dhéanamh ar an leas a baineadh as maoiniú reatha na Roinne Sláinte agus Leanaí. Ba ghá dó a bheith cliste, cruinn agus nualaíoch chomh maith lena chur chuige i leith foinsiú maoinithe agus comhoibriú a chruthú le dreamanna eile.

Nuair a dhéanaimid infheistiú i dtaighde sláinte, déanaimid infheistiú i dtodhchaí cúram sláinte na hÉireann agus tá sé tábhachtach nach ndéanaimid dearmad air sin. Bhí sé seo ar intinn acu nuair a chuir an HRB tús le hathbhreithniú ar straitéis na todhchaí agus nuair a thosaigh siad ag déanamh scrúdú díograiseach ar an gcaoi a bhféadfaidís an maoiniú a leithdháileadh orthu a úsáid ar an mbealach is fearr, chun sláinte a fheabhsú agus cúram sláinte a chlaochlú.

Bhí an t-athbhreithniú straitéiseach á stiúradh ag POF nua an HRB, Enda Connolly, a ceapadh i Meitheamh. Nuair a tháinig sé isteach san eagraíocht, bhí taithí de bhreis is 30 bliain aige ag obair le IDA Ireland, áit a raibh ról mór aige in athrú a stiúradh, straitéis a fhorbairt, muintín páirtithe leasmhara a thógáil agus infheistíocht shuntasach eachtrannach dhíreach a bhaint amach.

Ó ghlac sé leis an bpost seo leis an HRB, bhí sé ag díriú go príomha ar dhul i dtaithí ar an earnáil taighde sláinte agus ar dhálaí athraithe eacnamaíocha na hÉireann, chomh maith leis an HRB a shuíomh go straitéiseach chun athrú céime a sholáthar i dtaighde sláinte. Tá sé mar aidhm ar leith aige méadú a dhéanamh ar an toilleadh taighde sna seirbhísí sláinte agus timpeallacht a chruthú atá in ann nuálaíocht a chuimsiú, seirbhís níos fearr a sholáthar agus cúram othar a fheabhsú.

Sa chaoi seo, creideann sé gur féidir leis an HRB tacú le claochlú chúram sláinte na hÉireann agus gur féidir leis ardán den scoth a chruthú chomh maith chun tionscail an chúraim sláinte a thabhairt go hÉirinn agus forbairt eacnamaíoch na hÉireann a chur chun cinn dá bharr.


Tá achoimre sa tuarascáil seo ar chuid den mhéid a bhí bainte amach ag an HRB i rith 2008. Ach ní dhéanann sé cur síos foriomlán ar mhéid iomlán na gníomhaíochta ar fud na heagraíochta, ná ar thiomantas na foirne a léirigh foighne, díograis agus fócas i rith tréimhse d'athrú ollmhór agus iad ag obair faoi shrianta borracha agus deacra acmhainní. Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo as a n-eitic oibre agus as a ndíograis.

Tá ceannaireacht dhaingean léirithe ag an mBord i rith na bliana agus lean siad de chaighdeáin nua agus fheabhsaithe de rialachas corparáideach a chur chun cinn ar fud gach réimse de ghníomhaíochtaí gnó an HRB. Aithnímid luach a gcion agus ba mhaith linn fíorbhuíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht i rith na bliana.

Táimid tiomanta athrú céime a chur chun cinn sa taighde sláinte in Éirinn agus taighde agus forbairt a thabhairt chun beatha.



An Dr. Reg Shaw
Cathaoirleach



An tUas. Enda Connolly
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Maoiniú feabhas taighde

Rinne an HRB beagnach €43 milliún a infheistiú i dtionscadail dámhachtainí taighde sláinte i rith 2008, rud a chiallaigh go raibh maoiniú iomlán á chur ar fáil aige ar fud chóras taighde sláinte na hÉireann de bhreis is €155 milliún. Cabhróidh an infheistíocht seo leis an mbonneagar taighde sláinte atá ann cheana a fhorbairt agus tacóidh sé le forbairt na foirne taighde ar fud sheirbhísí sláinte na hÉireann; cinnteoidh sí chomh maith go mbeidh tionscadail taighde an HRB ar ardchaighdeán agus éascóidh sí soláthar seirbhísí sláinte feabhsaithe agus torthaí feabhsaithe sláinte do dhaoine in Éirinn mar sin.

Mar a rinneadh i mblianta roimhe seo, rinneadh gach infheistíocht ar bhonn na bpróiseas dian idirnáisiúnta d'athbhreithniú piaraí. As an 841 iarratas a fuarthas i rith na bliana, leithdháileadh tacaíocht mhaoinithe ar 343 acu. Tá miondealú iomlán ar an maoiniú a bronnadh leagtha amach in Aguisín A. Léiríonn sé seo líon agus éagsúlacht na ndaoine gairmiúla nua sláinte, chomh maith le sonraí faoi chineál na dtionscadal bonneagair agus na gclár taighde ar tugadh tacaíocht dóibh i rith 2008.

Seo thíos cur síos ar shamplaí de chuid de na tionscnaimh taighde nua mhóra a maoiníodh i rith na bliana.

Áis nua taighde chliniciúil i gCorcaigh

D'fhógair an HRB cómhaoiniú leis an HSE le haghaidh Áis nua Taighde Chliniciúil (ÁTC) i gCorcaigh in 2008. Cuimseoidh an chomh-infheistíocht ar luach iomlán a bheidh thart ar €11 mhilliún ar feadh cúig bliana, cuimseoidh sí costais tógála, trealamh agus coimisiúnú áiseanna, chomh maith le tacú le saineolaithe a éascóidh staidéar a bheidh dírithe ar othair.

Cuirfidh an áis nua bealach ar fáil do chliniceoirí, don tionscal cúram sláinte agus do pháirtithe tábhachtacha eile tástáil a dhéanamh ar theiripí, ar theicneolaíochtaí agus ar tháirgí nuálaíocha, chun an luas ar ar féidir fionnachtana agus nuálaíochtaí eolaíochta a aistriú go cúram níos fearr d'othair a bhrostú. Cuirfidh sé go mór le taighde iarchéime agus le hoiliúint na ndaoine gairmiúla sláinte chomh maith.

Díreoidh an HRB ar thaighde atá dírithe ar othair. Oibreoidh dochtúirí leighis agus altraí le heolaithe eile chun ár dtuiscint ar ailse, ar ghalar croí, ar ghalar putóige agus ar chothú a fheabhsú. Forbróidh taighdeoirí an ATC tástálacha nua agus ligfidh siad d'othair teacht ar an dul chun cinn is déanaí ó thaobh cóireála de chomh maith, le cabhrú le dul i ngleic leis na galair seo.

Líonraí nuálaíocha chun iarrachtaí taighde a chomhordú



Ag seoladh líonraí taighde an HRB bhí an Dr. Mairéad O'Driscoll, an Stiúrthóir ar Straitéis agus ar Mhaoiniú Taighde, An tAire Mary Harney, An tOllamh Ivan Perry, Príomh-imscrúdaitheoir Ionad an HRB um Aiste Bia, Dhiaibéiteas agus Murtall.

Sheol an HRB dhá líonra nua taighde i rith 2008 chomh maith; cuireann siad seo pointe fócasach ar fáil le haghaidh taighde ar thosaíocht choitianta sláinte, rud atá á dhéanamh ar fud roinnt disciplíní agus institiúidí. Cuimsíonn an dá líonra líonra fíorúil taighdeoirí a bhíonn ag obair ar bhealach comhordaithe ar réimsí éagsúla de thosaíocht choitianta sláinte. Cabhróidh na líonraí taighde seo le barainneacht mhórsála a bhaint amach trína saineolas agus a n-iarracht a dhíriú ar cheisteanna ar leith agus spreagfaidh siad roinnt eolais a mbeidh sé mar thoradh deiridh uirthi go bhfeabhsófar an cúram d'othair.

Tá an chéad cheann de na líonraí seo, an **HRB Centre for Primary Care Research** bunaithe ag Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn. Cuirfidh an fhoireann taighde seo clár oibre i bhfeidhm ina ndéanfar scrúdú ar chaighdeán an chúraim a chuirtear ar fáil do ghrúpaí leochaileacha othar - seandaoine, páistí, mná ag iompar clainne agus úsáideoirí drugaí.

Beidh an dara líonra, an **HRB Centre for Diet, Diabetes and Obesity**, bunaithe go fíorúil i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá sé mar aidhm leis an ionad, rud a bheidh á chómhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, taighde atá iomaíoch go hidirnáisiúnta a chruthú, rud a chuirfidh leis an mbonn fianaise le haghaidh polasaí poiblí, cur chun cinn na sláinte agus cleachtas cliniciúil ar chosc agus ar bhainistiú murtaill, diaibéitis agus neamhoird bhainteacha mheitibileacha.

Comhchomhaltachtaí an HRB/HSE

Sheol an HRB agus an HSE scéim chomhchomhaltachta in 2008 a chuir ar chumas iarchéimithe leighis dul faoi oiliúint speisialaithe atá ag teastáil chun stádas comhairligh a bhaint amach, chomh maith le taighde PhD a dhéanamh ag an am céanna. Sular tugadh an scéim isteach, bhíodh ar chéimithe leighis éirí as oiliúint speisialaithe nó í a chur siar, dá mbeidís ag iarraidh PhD a dhéanamh. Anois agus an scéim chomhchomhaltachta tugtha isteach, níl gá leis seo a thuilleadh. Anuas air sin, tá rian nua ag céimithe leighis chun a ngairm bheatha a chur chun cinn – rian a chuimsíonn taighde mar chuid lárnach dá n-oiliúint speisialaithe.

Cruthú eolais le haghaidh polasaí

Tá fianaise shlán agus eolas ardchaighdeáin rithábhachtach do chinnteoireacht mhaith ar chúrsaí sláinte.

Bainistíonn an HRB cúig chóras eolais náisiúnta a chuireann an fhianaise is déanaí ar fáil do phleanáil seirbhíse agus do chinnteoireacht ar chúrsaí amhail alcól agus úsáid drugaí, sláinte mheabhrach agus míchumas. Is é an tairbhe is mó a bhaineann leis na córais eolais seo ná gur féidir leo fianaise shoiléir a chur ar fáil faoi na háiteanna is mó ina bhfuil seirbhísí breise ag teastáil. Cuireann an t-eolas a sholáthraítear ar chumas bhainisteoirí na seirbhíse sláinte agus lucht ceaptha polasaí cinnteoireacht níos éifeachtaí a dhéanamh faoi sheirbhísí do na daoine a bhfuil siad de dhíth orthu. Tá liosta iomlán de na tuarascálacha atá foilsithe ag an HRB nó atá foilsithe in irisleabhair leagtha amach in Aguisín B. Tá téacs iomlán thuarascálacha an HRB ar fáil ar shuíomh gréasáin an HRB : www.hrb.ie/publications.

Tionscnaimh a críochnaíodh i rith 2008


Léiríonn na cás-staidéir shamplacha a bhfuil cur síos orthu thíos cuid de na tionscnaimh eile atá á stiúradh ag fianaise, a críochnaíodh i rith 2008.

An chéad tuarascáil chuimsitheach ar bhásanna a bhaineann le drugaí

Iarradh ar an HRB Innéacs Náisiúnta ar Bhásanna a Bhaineann le Drugaí a fhorbairt in 2005, rud a chuirfeadh meicníocht níos cruinne ar fáil chun básanna a bhaineann le drugaí agus básanna i measc úsáideoirí drugaí a thaifeadadh. Thuairiscigh an HRB na chéad torthaí in 2008, rudaí a léirigh go bhfuair iomlán 2,442 duine bás go díreach nó go hindíreach mar gheall ar úsáid drugaí i rith na tréimhse ocht mbliana ó 1998 go dtí 2005. San iomlán, bhí 1,553 bás ceangailte go díreach le caitheamh drugaí, leo féin nó in éineacht le substaintí eile (nimhiú); bhí 889 bás luaite go hindíreach le húsáid drugaí (gan nimhiú san áireamh).

Tá miondealú mionsonraithe sa tuarascáil ar an trúig bháis, chomh maith le heolas faoin úsáid ghaolmhar drugaí agus faoi chúlra socheacnamaíoch na ndaoine a fuair bás ó nimhiú. Ar an iomlán, tugann an fhianaise a bailíodh le fios go mbaineann an freagra is suntasaí atá de dhíth le ródháileoga. Tá sé riachtanach a fháil amach céard iad na bunchúiseanna le ródháileoga agus gníomhartha a fhorbairt le déileáil le cásanna féideartha ródháileoige ar bhealach níos réamhghníomhaí.

Bonn fianaise nua le dul i ngleic le cnagchócaon



Cé nach bhfuil margadh an chnagchócaoin chomh mór sin in Éirinn is tá sé i dtíortha eile, iarradh ar an HRB fianaise agus eolas a bhailiú faoin margadh seo, d'fhonn eolas a sholáthar do chleachtas agus le cinntiú nach n-athróidh an cás seo. Cuireann an tuarascáil a d'ullmhaigh an HRB pictiúr an-soiléir ar fáil de nádúr agus d'fhairsinge úsáid an chnagchócaoin in Éirinn chomh maith le tionchair a leithéid d'úsáid ar úsáideoirí, ar theaghlach agus ar an tsochaí. Beidh an tuarascáil ina cuid lárnach d'fhorbairt freagra thráthúil, straitéisigh ar mhargadh an chnagchócaoin, rud a mbeidh breac-chuntas tugtha air sa Straitéis nua Náisiúnta Drugaí atá á forbairt le haghaidh na tréimhse 2009–2016.

Riachtanais na bpáistí idir 0-5 bliana d'aois atá faoi mhíchumas intleachtach



Rinne an HRB athbhreithniú agus tuairisciú ar riachtanais seirbhíse na bpáistí idir 0-5 bliana d'aois atá faoi mhíchumas intleachtach. Ba é an príomhthoradh a tuairiscíodh ná an tábhacht atá le measúnú riachtanas a dhéanamh ar na páistí seo ag céim luath dá bhforbairt.

Díríonn an fhianaise a bhailigh an HRB aird ar an tábhacht atá le hinfheistíocht leanúnach i agus leathnú na seirbhísí don aoisghrúpa seo - go háirithe i gcás seirbhísí amhail teiripe urlabhra agus teanga agus teiripe shaothair. Tá na leibhéil is airde de riachtanas nach ndéantar freastal air nasctha le soláthar na tacaíochta baile agus cúram faoisimh. Tá gá ag cuid mhaith páistí a fhaigheann seirbhísí lae cheana féin le hathruithe ar an gcineál seirbhísí a chuirtear ar fáil dóibh faoi láthair.

Úsáid an Idirlín chun fadhbanna sláinte mheabhrach a fhiosrú

Rinne tuarascáil de chuid an HRB a foilsíodh in 2008 iarracht miondealú socheacnamaíoch na ndaoine a úsáideann an tIdirlíon chun tuilleadh eolais a fháil faoi chúrsaí sláinte agus sláinte mheabhrach atá bainteach leo go speisialta a dhearbhu. Thaispeáin an tuarascáil gur bhain breis is duine amháin as gach ceathrar fásta in Éirinn úsáid as an tIdirlíon chun eolas a chuardach faoi cheisteanna sláinte agus d'úsáid 60% de na húsáideoirí Idirlín a thuairiscigh fadhbanna sláinte mheabhrach an tIdirlíon mar fhoinsé eolais faoi cheisteanna sláinte.

Díríonn an tuarascáil aird ar dhá phointe thábhachtacha:

1. Tá deighilt mhór dhigiteach ann in Éirinn go fóill idir na daoine a úsáideann an tIdirlíon (daoine óga atá fostaithe agus a bhfuil oideachas maith faighte acu) agus na daoine nach mbíonn á úsáid (daoine fásta atá níos sine agus daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu nó atá dífhostaithe). Tugann an fhianaise le fios go bhfuil sé tábhachtach tionscnaimh reatha TFC a fhorbairt agus a leathnú chun éagothroime a laghdú maidir le fáil agus úsáid an Idirlín.
2. Má úsáideann daoine eolas a fuarthas ar an tIdirlíon le haghaidh cuspóirí cinnteoireachta sláinte gan comhairle shainoilte a lorg, tá an baol ann go n-imreodh sé seo droch-thionchar ar a sláinte. Tugann an fhianaise le fios go bhfuil sé rithábhachtach go ndéanadh saineolaithe measúnú ar an eolas atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na hÉireann ionas gur féidir daoine a threorú i dtreo eolais atá ceart, inchreidte agus praiticiúil ó dhearcadh Éireannach, má tá úsáid an Idirlín le bheith spreagtha mar fhoinsé eolais sláinte.

Taighde Sláinte: tionchar a imirt

Déanann an HRB monatóireacht go bliantúil ar thionchar na dtionscadal taighde a críochnaíodh. Déantar an tionchar a thomhas faoi na ceannteidil catagóra seo a leanas: tairbhí sláinte; tairbhí eacnamaíocha; cruthú eolais; tógáil toillte agus cur le polasaí agus cleachtas. Seo thíos roinnt samplaí léiritheacha den chineál tionchair atá imeartha ag an taighde seo.

Catagóir Tionchair: TAIRBHÍ SLÁINTE

Sláinte fheabhsaithe, laghdú costas i soláthar na seirbhísí reatha, feabhsuithe cáilíochtúla ar phróiseas an tsoláthair chomh maith le cothromas feabhsaithe i soláthar seirbhíse.

- Ghlac 1,000 othar páirt i dtrialacha rialaithe randamaithe ina ndearnadh scrúdú ar éifeachtacht na hidirghabhála nua i leith cúram sláinte
- Earcaíodh 969 othar le bheith páirteach i dtrialacha cliniúla ailse
- Tá seacht gcóireáil le haghaidh galair éagsúla á bhforbairt faoi láthair
- Tá ceithre chóras dhiagnóiseacha á bhforbairt (m.sh. bithchomharthaí le haghaidh galar)
- Leabhrán nua amháin d'othair, rud atá á dháileadh ar chógaslanna
- Aon suíomh gréasáin amháin d'ógánaigh ag tuairisciú mí-úsáid ghnéis
- Forbairt plan trí chéim le haghaidh na neamhord annamh (suíomh gréasáin eolais, seirbhís tacaíochta teaghlaigh agus ionad náisiúnta um neamhord annamha)
- D'aithin trí dheontas éifeachtúlacht fhéideartha costas don chóras sláinte.

Sampla: D'earcaigh triail randamaithe rialaithe a bhí maoinithe ag an HRB agus a rinne scrúdú ar idirghabháil atá bunaithe ar ghnáthdhochtúirí agus a bhí dírithe ar chosc galar croí tánaisteach (SPHERE), d'earcaigh sé breis is 900 othar agus fuarthas amach gur lú an dóchúlacht go dtabharfaí othair a fuair an idirghabháil isteach san ospidéal ná na hothair rialaithe.

Sampla: Forbairt agus bailíochtú réamhchliniciúil teiripe géine nua le haghaidh galair choitianta na súl, amhail retinitis pigmentosa, rud is cúis le daille i measc na ndaoine sin a bhíonn thíos leo.

Sampla: Foirm nua cóireála le haghaidh ailse atá réidh anois le bheith tástáilte i dtrialacha cliniúla.

Sampla: Bhí sé mar thoradh ar dheontas taighde amháin gur cruthaíodh leabhrán eolais d'othair darb ainm *Let's talk Medication Safety*. Cruthaíodh an leabhrán chun bearna in eolas na n-othar a líonadh maidir le bonn agus sábháilteacht roinnt leigheasanna.

Catagóir Tionchair: TAIRBHÍ EACNAMAÍOCHA

Tairbhí eacnamaíocha níos leithne a bhaineann le leas a bhaint as tionscnaimh a eascraíonn ó T agus F ó thaobh tráchtála de; tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le lucht saothair sláintiúil agus laghdú ar líon na laethanta oibre a chailítear.

- Cúig phaitinn (dhá cheann atá bronnta, ceann amháin curtha i gcomhad agus dhá nochtadh nuálaíochta)
- Aon chomhaontú ceadúnaithe amháin le lucht tionscail
- Aon chomhlacht seachtrach campais amháin á fhorbairt
- Cúig chás comhoibrithe bunaithe idir lucht acadúil agus tionscail
- Fuair daréag sealbhóirí deontais maoiniú breise ó ghníomhaireachtaí thar lear

Sampla: Bhí roinnt iarratas ar phaitinní curtha isteach ag grúpa taighde amháin de chuid an HRB, lena áiríodh iarratas ar phaitinn le haghaidh modh nua de dhéantúsaíocht bithbhraiteoirí. Tá ceithre chomhaontú ceadúnaithe ag an ngrúpa chomh maith a bhaineann le bithbhraiteoirí; rinneadh na comhaontuithe le Solvay Pharmaceuticals san Ísiltír agus tá luach de bhreis is €150,000 orthu. Chomh maith leis sin, chuir maoiniú de chuid Enterprise Ireland ar chumas an ghrúpa taighde comhlacht seachtrach campais a fhorbairt chun an leas is fearr a bhaint as an teicneolaíocht seo.

Sampla: D'éirigh le príomh-imscrúdaitheoir amháin deontas comhaltachta de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa a fháil ar luach €1 mhilliún mar thoradh ar a t(h)ionscadal leis an HRB. Ba mhór an ghnóthachtáil é an deontas seo a fháil, go háirithe nuair a chuimhnítear ar nádúr iomaíoch na ndámhachtainí seo.

Catagóir Tionchair: CRUTHÚ EOLAIS

Ailt in irisleabhair, cur i láthair ag comhdhálacha, leabhair, caibidlí leabhar, tuarascálacha taighde.

Aschur:

- 310 foilseachán a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu
- 20 caibidil leabhar
- 21 tuarascáil, litir agus feasachán nach mbaineann le heolaíocht
- Ionadaíocht ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta
 - 52 príomhchaint
 - 343 cur i láthair béil
 - 302 cur i láthair póstaer

Catagóir Tionchair: TÓGÁIL TOILLTE

Forbairt scileanna taighde, pearsanra agus toilleadh foriomlán taighde; forbairt foirne agus tairbhí oideachais

Aschur:

- **Ardchéimeanna:** 40 PhD; triúr dochtúirí leighis, trí chéim mháistreachta
- **Cásanna de chomhoibriú nua idirnáisiúnta a cruthaíodh:** 125
- **Pearsanra breise taighde:** 61 taighdeoir iardhochtúireachta; 29 cúntóir taighde; Deichniúr altraí taighde/taighdeoirí cliniúla; seisear bainisteoirí tionscadail nó teicneoirí; beirt Chomhaltaí de chuid Cochrane
- **Taighdeoirí a coinníodh sa chóras taighde náisiúnta:** 19 as iomlán 48 mac léinn iarchéime (.i. ráta coinneála 40%); 64 as iomlán 106 ball pearsanra eile amhail mic léinn iardhochtúireachta (.i. ráta coinneála 60%)
- **Taighdeoirí nua a earcaíodh ón iasacht le bheith ag obair ar dheontais:** ochtar as 48 mac léinn iarchéime (.i. 17%); 18 as 106 ball pearsanra 'eile' (.i. 17%)
- **Líon na ndeontas a fuarthas ó mhaoiniú an HRB (tuairiscithe ag 46% de na sealbhóirí deontais):** 50 deontas náisiúnta, 12 dheontas idirnáisiúnta (m.sh. Wellcome Trust €300,000)
- Úsáid teicnící taighde ag grúpa: nua sa ghrúpa taighde (32% de na sealbhóirí deontais); nua in Éirinn (20% de na sealbhóirí deontais); nua sa réimse go domhanda (8% de na sealbhóirí deontais)
- Bunú bunachair shonraí nua (tuairiscithe ag 3% de na sealbhóirí deontais)

Sampla: D'fhorbair taighdeoir modheolaíocht níos éifeachtaí chun anailís agus léirmhíniú scanadh PET a fheabhsú.

Samplaí: Córas eolais ar ailse phróstatach agus córas eolais WISDOM ar shláinte mheabhrach

Catagóir Tionchair: CUR LE POLASAÍ AGUS CLEACHTAS

Boinn fheabhsaithe eolais le haghaidh cinntí polaitiúla agus feidhmeannacha, forbairt táirgí cógaisíochta agus teicnící teiripeacha

- Thuairiscigh duine amháin as gach deichniúr a bhfuil deontas acu cruthú fianaise nó sonraí ar chost-éifeachtúlacht le tacú le forbairt polasaí nó le soláthar seirbhís sláinte.
- Thuairiscigh duine as gach cúigear a bhfuil deontas acu gur chuir siad le cleachtas cliniciúil agus le soláthar seirbhís sláinte trí fhorbairt cóireála, idirghabhála nó treoirlínte cliniciúla nua.
- Scaipeadh taighde i measc 'úsáideoirí', amhail lucht ceaptha polasaí:
 - trí chruinniú le húsáideoirí taighde
 - ceithre fhoilseachán i nuachtlitreacha an HSE
 - trí thuarascáil 'litríochta léithe'
 - trí lámhleabhar oiliúna do dhaoine gairmiúla sláinte
- Thuairiscigh ochtar sealbhóirí deontais gur bhunaigh siad ról comhairleach le haghaidh lucht ceaptha polasaí nó an rialtais lárnaigh maidir le ceisteanna sláinte

Sampla: Úsáideadh sonraí a bhí cruthaithe ag Clár de chuid an HRB ar Dhul in Aois go Sláintiúil le haghaidh forbairt polasaí ag an nGrúpa Polasaí um Shláinte Chardashoithíoch (2007/2008). Tá príomh-imscrúdaitheoir an chláir seo de chuid an HRB ag feidhmiú mar Chathaoirleach an pholasaí chardashoithíoch náisiúnta nua deich mbliana, rud a bhí seolta ag deireadh 2008 ag an Roinn Sláinte agus Leanáí.

Sampla: Tugadh cuireadh do thaighdeoir a rinne athbheithniú córasach de chuid Cochrane ar chosc an ionfhabhtaithe ionshoithíoch a bhaineann le cataitéar, tugadh cuireadh don taighdeoir seo a bheith páirteach i gCoiste (An tIonad Faireachais um Chosaint Sláinte) atá ag forbairt treoirlínte faoi láthair le haghaidh cosc a leithéid d'ionfhabhtú in Éirinn.

Sampla: Bhí sé mar thoradh ar staidéar a rinne grúpa taighde amháin gur cruthaíodh lámhleabhar oiliúna le haghaidh daoine gairmiúla sláinte dar teideal *Supporting persons with intellectual disability and advanced dementia: Comhtháthú Réimsí an Chúraim*. Clár Tús Eolais ar Oideachas agus ar Oiliúint. *Lámhleabhar Oiliúnoirí*: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Sampla: Ar bhunús na fianaise a cruthaíodh mar chuid dá gclár taighde a bhain leis an HRB, iarradh ar bheirt taighdeoirí comhairle a sholáthar do phearsanra tábhachtach an HSE, chomh maith le hionchur a sholáthar ar cheisteanna caighdeán beatha agus caighdeán cúraim d'othair na hÉireann maidir le foirmiú Phlean Gníomhaíochta an HSE um Theip Croí 2008–2011.

Picture of Health



Cuimsíonn foilseachán an HRB darb ainm *Picture of Health* réimse leathan torthaí agus tionchar tábhachtach a bhain le tionscadail agus cláir taighde sláinte a críochnaíodh i rith na bliana. Tá an foilseachán seo ar fáil ar líne ag www.hrb.ie/publications


Making an impact report




D'fhoilsigh an HRB tuarascáil i rith 2008 darb ainm *Health Research - Making an impact: the economic and social benefits of HRB-funded research*. Rinne sé seo measúnú ar thorthaí carnacha a bhain le cuid de na tionscadail taighde a bhí maoinithe ag an HRB de réir a chéile, chun tionchar mhaoiniú an HRB ar shláinte daoine agus ar gheilleagar na hÉireann a thaispeáint. Ba é an chéad staidéar Éireannach dá leithéid. Agus cur chuige ceannródaíoch á úsáid aige darb ainm 'Payback Framework', d'oibrigh an HRB leis an nGrúpa Taighde ar Eacnamaíocht Sláinte in Ollscoil Brunel agus le RAND na hEorpa chun na tairbhí seo a aithint agus a mheas. Foilsíodh torthaí na tuarascála ar líne ag www.hrb.ie/publications

Achoimre ar aschur ó dheontais a críochnaíodh in 2008

| Cineál Aschuir | 2007 | 2008 |
|---|-------------------|-------------------|
| Líon na dtuarascálacha deiridh deontais atá faighte: | 55 | 93 |
| Deontais tionscadal | 36 | 49 |
| Comhaltachtaí | 17 | 22 |
| Cláir | 2 | 8 |
| Dámhachtainí comhpháirtíochta | | 7 |
| Grúpa Carthanais Taighde Leighis | | 2 |
| Córais eolas sláinte | | 3 |
| Éire-Tuaisceart Éireann | | |
| Deontais do Chomhthionscadail Taighde | | 2 |
| Líon iomlán na mac léinn iarchéime a maoiníodh | 42 | 48 |
| Líon iomlán na mac léinn iarchéime seo atá ina mic léinn PhD | 31 | 42 |
| Líon iomlán an phearsanra a maoiníodh | 45 | 108 |
| Líon an phearsanra seo atá ina dtaighdeoirí iardhochtúireachta | 31 | 61 |
| Líon an phearsanra seo a bhaineann le cásanna eile m.sh. altraí taighde | 14 | 47 |
| Líon iomlán na bhfoilseachán a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu | | |
| Líon meánach na bhfoilseachán a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu in aghaidh an deontais | 134 2.4 | 303 3.3 |
| Líon na dtaispeántas idirnáisiúnta a cuireadh i láthair | | |
| Líon meánach na bhfoilseachán a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu in aghaidh an deontais | 216 3.9 | 431 4.6 |
| Líon na gcásanna comhoibrithe nua a cruthaíodh ó dheontas | 98 | 197 |
| Náisiúnta | 39 | 72 |
| Idirnáisiúnta | 59 | 125 |
| Líon na n-iarratas paitinne atá curtha i gcomhad/beartaithe dó sin | 2 | 5 |



Figiúr 1 Cineálacha na ndeontas a críochnaíodh i rith 2008



Figiúr 2 Aschur ó dheontais a críochnaíodh i rith 2008

Aguisín A

Scéimeanna Dámhachtainí 2008

Scéimeanna tacaíochta gairme agus tógáil cumais

| | Iarratasóirí | Dámhachtainí |
|--|--------------|--------------|
| Comhaltachtaí Cochrane | 15 | 5 |
| Scoláireacht samhraidh na mac léinn | 147 | 50 |
| Curaclam samhraidh CNÉ (NCI) (Cuibhreannas Ailse) | 14 | 14 |
| Comhaltachtaí taighde iardhochtúireachta | 40 | 8 |
| Comhaltachtaí oiliúna taighde chliniciúil | 32 | 4 |
| Comhaltachtaí i dtaighde seirbhísí sláinte | 18 | 4* |
| Comhaltachtaí eacnamaíocht na sláinte | 10 | 2 |
| Comhaltachtaí cliniciúla in altranas agus i gcnáimhseachas | 21 | 3 |
| Comhaltacht coiscthe ailse (Cuibhreannas Ailse) | 0 | 0 |
| Gradaim na n-eolaithe cliniciúla | 12 | 4 |
| | 309 | 94 |

* Cuimsítear aon chomhaltacht cúraim mhaolaithe amháin atá cómhaoinithe ag Foras Ospíse na hÉireann

Aguisín A Scéimeanna dámhachtainí 2008 ar leanúint thall.

Aguisín A

Scéimeanna Dámhachtainí 2008

(ar leanúint)

Deontais taighde

| | Iarratasóirí | Dámhachtainí |
|---|--------------|--------------|
| Dámhachtainí um chomhpháirtíochtaí a thógáil do shochaí níos folláine | 31 | 6 |
| Dámhachtainí líonraithe sláinte domhanda | 13 | 11 |
| Deontais tionscadal | 260 | 45 |
| Comhthionscadal taighde ar ailse | 7 | 2 |
| | 311 | 64 |

Deontais bonneagair

| | Iarratasóirí | Dámhachtainí |
|---------------------------------|--------------|--------------|
| Ionad tacaíochta modheolaíochta | 2 | 1 |
| | 2 | 1 |

Oiliúint agus ceardlanna

| | Iarratasóirí | Dámhachtainí |
|--|--------------|--------------|
| Ceardlanna scríbhneoireachta eolaíochta an HRB | 104 | 80 |
| Cúrsa dhá lá de chuid Cochrane ar athbhreithniú córasach | 55 | 44 |
| Comhoibriú leathlae ar 'Thús Eolais faoi Cochrane' | 60 | 60 |
| Oiliúint trialacha cliniciúla altranais (Cuibhreannas Ailse) | 0 | 0 |
| | 219 | 184 |

Aguisín B

Liosta na bhfoilseachán

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2008) *Drugnet Ireland*. Eagrán 25, Earrach. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2008) *Drugnet Ireland*. Eagrán 26, Samhradh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2008) *Drugnet Ireland*. Eagrán 27, Fómhar. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2008) *Drugnet Ireland*. Eagrán 28, Geimhreadh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Alcohol and Drug Research Unit (2008) 2008 National Report (2007 data) to the EMCDDA by the Reitox National Focal Point. Ireland: new developments, trends and in-depth information on selected issues. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. <http://www.ndc.hrb.ie/toc.php?id=15>

Connolly J, Foran S, Donovan A, Carew A agus Long J (2008) *Crack cocaine in the Dublin region: an evidence base for a Dublin crack cocaine strategy*. Sraith Taighde 6 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A, Walsh D agus Moran R (2008) *Activities of the Irish Psychiatric Units and Hospitals 2007*. Sraith Staidrimh 5 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2008) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) Preliminary National Bulletin Ireland 2007*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2008) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) HSE Dublin Mid-Leinster Bulletin 2007*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2008) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) HSE Dublin North East Bulletin 2007*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2008) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) HSE South Bulletin 2007*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2008) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) HSE West Bulletin 2007*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2008) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) National Bulletin Ireland 2007*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Fanagan S, Reynolds S, Mongan D agus Long J (2008) *Trends in treated problem alcohol use in Ireland, 2004 to 2006*. Sraith Treochtaí 1 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

Gallagher S, Tedstone Doherty D, Moran R agus Kartalova-O'Doherty Y (2008) *Internet use and seeking health information online in Ireland: demographic characteristics and mental health characteristics of users and non-users*. Sraith Taighde 4 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

An Bord Taighde Sláinte (2008) *A picture of health – a selection of Irish health research 2008*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

An Bord Taighde Sláinte (2008) *Making an Impact - The Economic and Social Benefits of HRB-Funded Research*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

An Bord Taighde Sláinte (2008) *Data Protection Acts 1988 and 2003: Some implications for health and medical research*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

Kelly F, Kelly C agus Craig S (2008) *Annual Report of the National Intellectual Disability Database Committee 2008*. Sraith Staidrimh 6 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kelly F, Craig S agus Kelly C (2008) *Trends in demand for services among children aged 0-5 years with an intellectual disability, 2003 – 2007*. Sraith Treochtaí 3 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

Lyons S, Lynn E, Walsh S agus Long J (2008) *Trends in drug-related deaths and deaths among drug users 1998 – 2005*. Sraith Treochtaí 4 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

Reynolds S, Fanagan S, Bellerose D agus Long J (2008) *Trends in treated problem drug use in Ireland, 2001 to 2006*. Sraith Treochtaí 2 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

Tedstone Doherty D, Moran R agus Kartalova-O'Doherty Y (2008) *Psychological distress, mental health problems and use of health services: assembling the pieces of support needs for mental health problems in Ireland*. Sraith Taighde 5 de chuid an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Walsh D (2008) *Suicide, attempted suicide and prevention in Ireland and elsewhere*. Forléargas 7. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Foilseacháin in irisleabhair

Chen Q, Wang X, O'Neill FA, Walsh D, Kendler KS agus Chen X (2008) Is the histidine triad nucleotide-binding protein 1 (HINT1) gene a candidate for schizophrenia? *Schizophrenia Research*, 106 (2-3): 200-7.

Chen X, Wang X, Chen Q, Williamson V, van den Oord E, Maher BS, O'Neill FA, Walsh D agus Kendler KS (2008) MEGF10 association with schizophrenia. *Biological Psychiatry*, 1; 63 (5): 441-8.

Chen Q, Wang X, O'Neill FA, Walsh D, Fanous A, Kendler KS, agus Chen X (2008) Association study of CSF2RB with schizophrenia in Irish family and case – control samples. *American Journal of Medical Genetics: B Neuropsychiatry Genetics* Oct 5;147B (7): 1231-7.

Edwards TL, Wang X, Chen Q, Wormly B, Riley B, O'Neill FA, Walsh D, Ritchie MD, Kendler KS agus Chen X (2008) Interaction between interleukin 3 and dystrobrevin-binding protein 1 in schizophrenia. *Schizophrenia Research*, 106 (2-3): 208-17.

Fanous AH, Neale MC, Webb BT, Straub RE, O'Neill FA, Walsh D, Riley BP agus Kendler KS. (2008) Novel Linkage to Chromosome 20p Using Latent Classes of Psychotic Illness in 270 Irish High-Density Families. *Biological Psychiatry*, 15; 64 (2): 121-127.

Kartalova-O'Doherty Y agus Doherty D (2008) Coping strategies and styles of family carers of persons with enduring mental illness: a mixed methods analysis. *Scandinavian Journal of Caring Sciences*, 22 (1): 19–28.

Kuo PH, Kalsi G, Prescott CA, Hodgkinson CA, Goldman D, van den Oord EJ, Alexander J, Jiang C, Sullivan PF, Patterson DG, Walsh D, Kendler KS agus Riley BP (2008) Association of ADH and ALDH genes with alcohol dependence in the Irish Affected Sib Pair Study of alcohol dependence (IASPSAD) sample. *Alcoholism: Clinical Experimental Research Journal*, 32 (5): 785-95.

Mills JL, Molloy AM, Parle-McDermott A, Troendle JF, Brody LC, Conley MR, Cox C, Pangilinan F, Orr DJ, Earley M, McKiernan E, Lynn EC, Doyle A, Scott JM, Kirke PN (2008) Folate-related gene polymorphisms as risk factors for cleft lip and cleft palate. *Birth Defects Res A Clin Mol Teratol*, 82:636-43.

Molloy AM, Kirke PN, Brody LC, Scott JM, Mills JL (2008) *Effects of folate and vitamin B12 deficiencies during pregnancy on fetal, infant, and child development.* Food Nutr Bull, 29:S101-111.

Pangilinan F, Geiler K, Dolle J, Troendle J, Swanson DA, Molloy AM, Sutton M, Conley MR, Kirke PN, Scott JM, Mills JL, Brody LC (2008) *Construction of a high resolution linkage disequilibrium map to evaluate common genetic variation in TP53 and neural tube defect risk in an Irish population.* Am J Med Genet A, 146A(20): 2617-25.

Priebe S, Frottier P, Gaddini A, Kilian R, Lauber C, Martínez-Leal R, Jorgensen P M, Walsh D, Wiersma D, agus Wright D (2008) *Mental health care institutions in nine European countries - 2002 to 2006.* Psychiatric Services 59 (5): 570 – 573.

Shifman S, Johannesson M, Bronstein M, Chen SX, Collier DA, Craddock NJ, Kendler KS, Li T, O'Donovan M, O'Neill FA, Owen MJ, Walsh D, Weinberger DR, Sun C, Flint J and Darvasi A (2008) *Genome-wide association identifies a common variant in the reelin gene that increases the risk of schizophrenia only in women.* PLoS Genetics, 4(2):e28 doi:10.1371/journal.pgen.0040028

Sullivan PF, Kuo PH, Webb BT, Neale MC, Vittum J, Furberg H, Walsh D, Patterson DG, Riley B, Prescott CA agus Kendler KS (2008) *Genomewide linkage survey of nicotine dependence phenotypes.* Drug and Alcohol Dependence, 1; 93 (3): 210-6

Sutton M, Daly LE, Kirke PN(2008) *Survival and disability in a cohort of neural tube defect births in Dublin, Ireland.* Birth Defects Res A Clin Mol Teratol, 8210:701-9.

Thiselton DL, Vladimirov VI, Kuo PH, McClay J, Wormley B, Fanous A, O'Neill FA, Walsh D, Van den Oord EJ, Kendler KS agus Riley BP (2008) *AKT1 is associated with schizophrenia across multiple symptom dimensions in the Irish study of high density schizophrenia families.* Biological Psychiatry, 1; 63 (5): 449-57.

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Ie haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2008

| | 2008 | 2007 |
|---|-------------------|------------|
| | € | € |
| IONCAM | | |
| Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte agus Leanáí | 36,884,529 | 36,085,000 |
| Maoiniú Taighde Eile | 2,856,861 | 3,033,254 |
| Ús Infhaighte | 55,164 | 35,188 |
| Ioncam Cíosa | - | 37,552 |
| Fáltais ó Éileamh Árachais | 42,500 | - |
| Aistriú Méid Leithdháilte go Cúlchistí Caipitil chun Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú | - | (55,679) |
| | 39,839,054 | 39,135,315 |
| CAITEACHAS | | |
| Straitéis Taighde agus Stiúrthóireacht Maoinithe | 32,886,411 | 32,004,323 |
| Córais Eolas Sláinte agus Stiúrthóireacht Taighde Intí | 3,942,935 | 3,650,086 |
| Stiúrthóireacht Feidhme Corparáidí | 3,138,340 | 3,400,850 |
| Pinsin Íoctha le Baill Foirne Scortha | (135,169) | 69,892 |
| | 39,832,517 | 39,125,151 |
| BARRACHAS NA BLIANA | | |
| Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir | 6,537 | 10,164 |
| Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir | 42,660 | 32,496 |
| Cúlchistí Ioncaim amhail an 31 Nollaig | 49,197 | 42,660 |

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2008

| | 2008 | 2007 |
|---|-------------------|------------|
| | € | € |
| IONCAM | | |
| Deontas Caipitil na Roinne Sláinte agus Leanaí | 12,439,199 | 10,406,696 |
| Amúchadh an Chuntais Ciste Chaipitiúil | 155,578 | 119,497 |
| Ranníocaíocht le Sócmhainní Seasta Ciste | (158,683) | (30,238) |
| | 12,436,094 | 10,495,955 |
| CAITEACHAS | | |
| Deontais Trealamh agus Maoiniú Nua-Thionscanta | 155,171 | 595,103 |
| Dámhachtainí Eolaithe Cliniciúla | 2,479,348 | 2,212,205 |
| Dámhachtainí Íomháithe | 1,086,153 | 1,552,433 |
| Dámhachtainí T agus F na Seirbhísí Sláinte | 1,616,005 | 1,620,805 |
| Clár Scoláirí PhD | 2,579,085 | 1,456,899 |
| Dámhachtainí Taighde Aistrithigh | 2,959,444 | 2,337,515 |
| Dámhachtain an Ionaid Tacaíochta Modheolaíochta | 599,330 | - |
| Áiseanna Taighde Chliniciúil | 315,000 | 200,000 |
| Taighde Coimisiúnaithe | 101,247 | 127,372 |
| Forbairt TFC | 344,703 | 274,126 |
| Costais Athchóirithe | 45,030 | - |
| Dímheas | 116,240 | 109,303 |
| Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 39,338 | 10,194 |
| | 12,436,094 | 10,495,955 |
| (EASNAMH)/BARRACHAS DON BHLIAIN | - | - |

Clár Comhardaithe

le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2008

| | 2008 | 2007 |
|---|----------------|---------|
| | € | € |
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 323,649 | 320,544 |
| Sócmhainní Reatha | | |
| Féichiúnaithe | 436,933 | 550,196 |
| Infheistíochtaí | 641 | 641 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 500 | 400 |
| | 438,074 | 551,237 |
| Dliteanais Reatha | | |
| <i>Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:</i> | | |
| Banc | 11,569 | 17,807 |
| Creidiúnaithe | 377,308 | 490,770 |
| | 388,877 | 508,577 |
| Glan-Sócmhainní Reatha | 49,197 | 42,660 |
| Glan-Sócmhainní | 372,846 | 363,204 |
| Cúlchistí | | |
| Barrachas carnach sa chuntas ioncaim agus caiteachais | 49,197 | 42,660 |
| Ciste caipitiúil | 323,649 | 320,544 |
| | 372,846 | 363,204 |

